# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARTEISTIMÉIREACHTA, 2022**

# CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**(300 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 22 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn**:

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc) |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (uimhreacha 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist (A nó B) agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 (A nó B) amháin** a fhreagairt NÓ **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo a fhreagairt. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (100 marc) |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (uimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3**: **Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc) |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt.<br>Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**ROINN 1 (120 Marc)**
Freagair **Ceist 1 (A nó B)** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile

**1. (A) Cuntais Deiridh Cuideachta**

Baineadh na hiarmhéideanna thíos as leabhair Chamhaoire Teo. mar a bhí ar 31/12/2021:

| | € | € |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal<br>Údaraithe - 950,000 gnáthscair ag €1 an ceann<br>Eisithe - 500,000 gnáthscair ag €1 an ceann | | 500,000 |
| Veaineanna seachadta ar a gcostas | 60,000 | |
| Foirgnimh (Costas €620,000) | 595,200 | |
| Trealamh oifige | 50,000 | |
| Dímheas carntha ar threalamh oifige | | 12,000 |
| Paitinní | 120,000 | |
| Stoc na n-earraí le hathdhíol (01/01/2021) | 80,500 | |
| Stoc stáiseanóireachta (01/01/2021) | 1,500 | |
| Pá agus speansais ghinearálta | 126,400 | |
| Stáiseanóireacht | 6,200 | |
| Fógraíocht | 20,600 | |
| Solas agus teas | 22,000 | |
| Ceannacháin | 262,800 | |
| Díolacháin | | 654,000 |
| Aischuir amach (aischuir ceannachán) | | 7,200 |
| Creidiúnaithe | | 65,000 |
| Féichiúnaithe | 145,000 | |
| CBL | | 4,000 |
| Táillí stiúrthóirí | 32,000 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 1,300 |
| Bintiúir 10% (eisithe ar 01/04/2021) | | 200,000 |
| Ús bintiúir | 10,200 | |
| Banc | | 4,900 |
| Iarmhéid brabúis/caillteanais 01/01/2021 | | 80,000 |
| Lascaine | | 4,000 |
| | 1,532,400 | 1,532,400 |

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit**:

(i) Stoc na n-earraí le hathdhíol ar 31/12/2021, €50,000.

(ii) Stoc stáiseanóireachta ar 31/12/2021, €600.

(iii) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Foirgnimh | - | 2% den chostas |
| Trealamh oifige | - | 10% dá luach de réir na leabhar |
| Veaineanna seachadta | - | 20% den chostas. |

(iv) Bhain an fhógraíocht leis an mbliain dar críoch 31/03/2022.

(v) Soláthar le déanamh d'ús bintiúir dlite ar 31/12/2021.

(vi) Pá agus speansais ghinearálta dlite ar 31/12/2021, €5,800.

(vii) Tá soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú i leith 2% de na féichiúnaithe.

(viii) Soláthar le déanamh do cháin chorparáide €18,000.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2021. (80)

**(b)** **Clár comhardaithe** a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2021. (40)

**(120 marc)**

**1. (B) Cuntais Deiridh Cuideachta Déantúsaíochta**

Tógadh na hiarmhéideanna thíos as leabhair Uí Mhaoláin Teo. mar a bhí ar 31/12/2021.

| | € | € |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal<br>Údaraithe - 850,000 gnáthscair ar €1 an ceann<br>Eisithe - 630,000 gnáthscair ar €1 an ceann | | 630,000 |
| Veaineanna seachadta (costas €78,000) | 35,000 | |
| Trealamh monarchan (costas €470,000) | 270,000 | |
| Foirgnimh mhonarchan | 718,000 | |
| Paitinn | 85,000 | |
| Stoc 01/01/2021 | | |
| Amhábhair | 52,000 | |
| Obair idir lámha | 16,900 | |
| Earraí críochnaithe | 58,000 | |
| Ceannach amhábhar | 367,000 | |
| Aischuir isteach (aischuir díolachán) | 18,000 | |
| Solas agus teas monarchan | 14,400 | |
| Díol dramhábhar | | 5,900 |
| Díolacháin | | 877,500 |
| Stáiseanóireacht | 6,600 | |
| Pá monarchan | 114,000 | |
| Speansais dhíreacha | 17,500 | |
| Fógraíocht | 8,000 | |
| Bintiúir 10% (eisithe ar 01/04/2021) | | 160,000 |
| Creidiúnaithe | | 84,300 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 2,450 |
| Féichiúnaithe | 77,550 | |
| CBL | | 13,700 |
| Árachas monarchan | 21,000 | |
| Banc | | 41,300 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2021 | | 63,800 |
| | 1,878,950 | 1,878,950 |

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit**:

(i) Stoc ar 31/12/2021:

| | | |
|---|---|---|
| | Amhábhair | €40,000 |
| | Obair idir lámha | €18,800 |
| | Earraí críochnaithe | €47,000 |

(ii) Stoc stáiseanóireachta ar 31/12/2021, €720.

(iii) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ús bintiúir dlite.

(iv) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh mhonarchan | 5% den chostas |
| Veaineanna seachadta | 10% dá luach de réir na leabhar |
| Trealamh monarchan | 15% den chostas. |

(v) Baineann an fhógraíocht leis an mbliain dar críoch 31/03/2022.

(vi) Tá pá monarchan le roinnt 75% do phá díreach agus 25% do phá maoirseora.

(vii) Soláthar le déanamh do cháin chorparáide €21,000.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas déantúsaíochta** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2021. (40)

**(b)** **Cuntas trádála**, **brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2021. (40)

**(c)** **Clár comhardaithe** a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2021. (40)

**(120 marc)**

**2. Taifid Neamhiomlána – Glanfhiúchas**

Níor choinnigh D. Ó Colmáin, trádálaí aonair, sraith iomlán cuntas. Cuireadh na figiúirí seo thíos a bhaineann leis an ngnólacht ar fáil ar 01/01/2021:

| | € |
|---|---|
| Áitreabh | 580,000 |
| Troscán agus trealamh ar a gcostas | 68,000 |
| Mótarfheithiclí ar a luach de réir na leabhar | 48,000 |
| Dímheas carntha ar throscán agus threalamh | 6,200 |
| Stoc | 55,000 |
| Árachas réamhíoctha | 1,600 |
| Creidiúnaithe | 20,000 |
| Speansais dlite | 3,200 |
| Banc | 6,400 |
| Féichiúnaithe | 20,800 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** Ráiteas a ullmhú a léiríonn **glanfhiúchas/glanchaipiteal** Uí Cholmáin ar 01/01/2021. (30)

Thug Ó Colmáin an t-eolas breise seo a leanas ar 31/12/2021:

(i) Le linn na bliana, aistríodh €20,000 ó chuntas pearsanta bainc go dtí cuntas bainc an ghnólachta.

(ii) Le linn na bliana, d'íoc Ó Colmáin €8,200 as cistí gnó i gcomhair deisiúchán ar theach príobháideach agus thóg sé freisin earraí dar luach €400 in aghaidh na míosa le haghaidh úsáid phríobháideach.

Thug Ó Colmáin meastachán gurbh iad na sócmhainní agus na dliteanais ghnó ar 31/12/2021 ná €920,000 agus €86,000 faoi seach, roimh lamháil dóibh seo a leanas:

- Dímheas ar throscán agus threalamh de réir ráta 10% den **Chostas.**
- Dímheas ar mhótarfheithiclí de réir ráta 20% dá **Luach de réir na Leabhar.**
- Speansais dlite €640.

**(b)** **Ráiteas** a ullmhú a léiríonn **brabús nó caillteanas** Uí Cholmáin don bhliain dar críoch 31/12/2021.

(30)

**(60 marc)**

**3. Ráiteas Imréitigh Bainc**

Leagtar amach thíos Cuntas Bainc agus Ráiteas Bainc Áine Uí Mhadáin do mhí an Mhárta 2022.

Dr **Cuntas Bainc** Sr

| | | € | | | | € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Márta 1 | Iarmhéid t/a | 3,160 | Márta 5 | K. Ó Maoláin | 300101 | 1,280 |
| Márta 8 | Díolacháin lóisteáilte | 9,250 | Márta 7 | Árachas | 300102 | 3,600 |
| Márta 18 | Lóisteáil | 6,750 | Márta 11 | S. Ó Conghaile | 300103 | 825 |
| Márta 24 | Díolacháin lóisteáilte | 5,480 | Márta 13 | A. Ó Fathaigh | 300104 | 1,745 |
| | | | Márta 19 | L. Ó Braonáin | 300105 | 3,700 |
| | | | Márta 22 | Cíos | 300106 | 6,500 |
| | | | Márta 27 | S. Ó Meára | 300107 | 540 |
| | | | Márta 31 | Iarmhéid t/a | | 6,450 |
| | | **24,640** | | | | **24,640** |
| Aibreán 1 | Iarmhéid t/a | 6,450 | | | | |

| **Ráiteas Bainc an 31/03/2022** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Dochar** | **Sochar** | **Iarmhéid** |
| | | **€** | **€** | **€** |
| Márta 1 | Iarmhéid t/a | | | 3,160 |
| Márta 4 | Ús a fuarthas | | 110 | 3,270 |
| Márta 8 | K. Ó Maoláin 300101 | 1,280 | | 1,990 |
| Márta 8 | Lóisteáil | | 9,250 | 11,240 |
| Márta 10 | Árachas 300102 | 3,600 | | 7,640 |
| Márta 13 | S. Ó Conghaile 300103 | 825 | | 6,815 |
| Márta 17 | A. Harding (seic obtha) | 670 | | 6,145 |
| Márta 18 | Lóisteáil | | 6,750 | 12,895 |
| Márta 22 | L. Ó Braonáin 300105 | 3,700 | | 9,195 |
| Márta 25 | Cíos 300106 | 6,500 | | 2,695 |
| Márta 26 | Táillí Bainc | 115 | | 2,580 |
| Márta 28 | Buanordú | 80 | | 2,500 |
| Márta 29 | Á. Uí Mhadáin | 320 | | 2,180 |

**Nóta**: An €320 a iontráladh sa Ráiteas Bainc ar 29 Márta, cuireadh trí earráid é i gcuntas Áine Uí Mhadáin in ionad é a chur i gcuntas Ailín Uí Mhadáin.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas Bainc Coigeartaithe** Áine Uí Mhadáin a thaispeáint agus an t-iarmhéid coigeartaithe a thabhairt anuas. (35)

**(b)** Ráiteas ar 31/03/2022 a ullmhú a **réitíonn** iarmhéid an Chuntais Bainc Choigeartaithe le hiarmhéid an Ráitis Bhainc. (25)

**(60 marc)**

**4. Ráiteas Táblach**

Sa chlár comhardaithe thíos taispeántar staid airgeadais Ghearóid Uí Chuinneagáin, trádálaí aonair, mar a bhí ar 01/03/2022:

| **Clár Comhardaithe mar a bhí ar 01/03/2022** | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** |
| Foirgnimh | | 650,000 | |
| Trealamh | | 78,000 | |
| | | | 728,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc | 52,000 | | |
| Féichiúnaithe | 31,400 | | |
| Banc | 44,500 | 127,900 | |
| | | | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | |
| Creidiúnaithe Trádála | 31,000 | | |
| Speansais dlite | 2,400 | 33,400 | 94,500 |
| Glansócmhainní Iomlána | | | 822,500 |
| | | | |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| Caipiteal | | 750,000 | |
| Brabús agus caillteanas | | 72,500 | |
| Caipiteal in úsáid | | | 822,500 |

**Rinneadh na hidirbhearta seo a leanas le linn mhí an Mhárta 2022:**

Márta 4 D'íoc le seic speansais a bhí dlite ag tús na míosa.

Márta 6 Cheannaigh earraí ar cairde ar €16,200.

Márta 7 D'íoc le seic ó chuntas bainc an ghnólachta €1,400 as deisiúcháin tí le duine sa teaghlach.

Márta 16 Fuair seic €3,400 ó fhéichiúnaí mar lánghlanadh ar fhiach de €3,900.

Márta 21 Cheannaigh trealamh nua ar €64,000. D'íoc éarlais €8,000 le seic agus fuair an fuílleach ar iasacht ó Iasachtaí ar Chostas Íseal Teo.

Márta 24 D'íoc le seic iarmhéid cuntais chreidiúnaí €600 agus fuair lascaine €140.

Márta 25 Dearbhaíodh ina fhéimheach féichiúnaí a raibh €4,000 dlite aige agus d'íoc 20c in aghaidh an €.

Márta 27 Dhíol ar cairde ar €8,300 earraí a chosain €8,000 an chéad lá riamh.

**Iarrtar ort**:

Tionchar gach ceann de na bearta thuas ar na sócmhainní agus ar na dliteanais ábhartha a bhreacadh ar **ráiteas táblach**.

Na **sócmhainní iomlána** agus na **dliteanais** iomlána ar 31/03/2022 a thaispeáint. **(60 marc)**

Tosaíonn Roinn 2 ar leathanach 10

**ROINN 2 (100 Marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN** ar bith

## 5. Léirmhíniú ar Chuntais

Baineadh an t-eolas thíos as cuntais Mhig Shamhráin Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2021:

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2021**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| Díolacháin chreidmheasa | | | 800,000 |
| **Lúide**: Costas díolachán | | | |
| Stoc 01/01/2021 | | ????? | |
| Móide: ceannacháin ar cairde (carraeireacht isteach €5,000 san áireamh) | | 386,000 | |
| | | ????? | |
| Lúide: stoc 31/12/2021 | | 40,000 | |
| Costas díolachán | | | ??????? |
| Ollbhrabús | | | 410,000 |
| **Lúide**: Speansais iomlána (ús san áireamh) | | | 250,000 |
| Glanbhrabús don bhliain | | | 160,000 |

**Clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2021**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| | **Costas** | **Dímheas** | **Glanluach leabhar** |
| **Sócmhainní Seasta** | 890,000 | 40,000 | 850,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** (féichiúnaithe trádála €38,000 san áireamh) | | 94,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | |
| Creidiúnaithe trádála | | 44,000 | |
| | | | 50,000 |
| | | | 900,000 |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain | | | |
| Bintiúir 8% (2026/2027) | | | 200,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | **Údaraithe** | **Eisithe** | |
| Gnáthscaireanna ar €1 an ceann | 800,000 | 540,000 | 540,000 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | | 160,000 |
| | | | 900,000 |

**(a)** **Iarrtar ort a ríomh**: (go 2 ionad dheachúlacha de réir mar is cuí)

(i) An stoc tosaigh.

(ii) An cóimheas fíorthástála.

(iii) An tréimhse chreidmheasa a fuarthas ó chreidiúnaithe trádála.

(iv) An ráta láimhdeachais stoic. (40)

**(b)** **Mínigh** na téarmaí seo thíos agus **luaigh an bhaint atá acu leis na cuntais thuas** de réir mar is cuí:

(i) Dímheas.

(ii) Scairchaipiteal Údaraithe.

(iii) Carraeireacht Isteach.

(iv) Bintiúir 8% (2026/2027). (40)

**(c)** An mbeadh deacrachtaí ag Mag Shamhráin Teo. a mbillí a íoc de réir mar a bheidís dlite?

**Mínigh do fhreagra**. (10)

**(d)** Ba é an toradh ar chaipiteal in úsáid do Mhag Shamhráin Teo. in **2020** ná 14%.

(i) Ríomh an toradh ar chaipiteal in úsáid do **2021**.

(ii) Déan trácht ar bhrabúsacht Mhig Shamhráin Teo. do **2021**. (10)

**(100 marc)**

**6. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Uí Rois Teo.:

| **Brabús agus caillteanas (sliocht) don bhliain dar críoch 31/12/2021** | **€** |
|---|---|
| Brabús oibriúcháin | 156,000 |
| Ús íoctha | (20,000) |
| | 136,000 |
| Cáin | (24,000) |
| | 112,000 |
| Díbhinní íoctha | (27,000) |
| Brabús coinnithe | 85,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2021 | 120,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2021 | 205,000 |

| **Clár Comhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2021** | | **31/12/2020** | |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 840,000 | | 620,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh dímheasa | (80,000) | 760,000 | (50,000) | 570,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 80,000 | | 70,000 | |
| Féichiúnaithe | 25,000 | | 45,000 | |
| Banc | 20,000 | | 15,000 | |
| | 125,000 | | 130,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | | |
| Creidiúnaithe | 42,000 | | 32,000 | |
| Cáin | 24,000 | | 28,000 | |
| | (66,000) | | (60,000) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 59,000 | | 70,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 819,000 | | 640,000 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis 1 bhliain | | | | |
| Bintiúir 8% | | 250,000 | | 220,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal eisithe | | 340,000 | | 300,000 |
| Scairbhiseach | | 24,000 | | ---------- |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | 205,000 | | 120,000 |
| | | 819,000 | | 640,000 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** An brabús oibriúcháin a **réiteach** leis an nglansreabhadh airgid isteach/amach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

**(b)** An **ráiteas faoi shreabhadh airgid** a ullmhú do Ó Rois Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2021 faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Gníomhaíochtaí oibriúcháin
2. Torthaí ar infheistíochtaí agus ar fhónamh ar airgeadas
3. Cáin
4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
5. Díbhinní cothromais íoctha
6. Maoiniú. (65)

**(c)** An glansreabhadh airgid a **réiteach** leis an athrú ar ghlanfhiachas. (5)

**(100 marc)**

**7. Cuntais Chlub**

Bhí siad seo thíos san áireamh i sócmhainní agus dliteanais Chlub Bádóireachta Radharc na Mara ar 01/01/2021:

Teach bád €680,000; trealamh €36,000; infheistíochtaí €60,000; talamh €200,000; stoc beáir €10,100; síntiúis bhallraíochta réamhíoctha €2,100; creidiúnaithe beáir €4,200; airgead ar láimh €3,200.

**Iarrtar ort**

**(a)** Ráiteas a ullmhú a thaispeánann ciste carntha an chlub ar 01/01/2021. (20)

Seo thíos achoimre ar fháltais agus íocaíochtaí an chlub don bhliain 2021:

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2021**

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Airgead ar láimh 01/01/2021 | 3,200 | Duaiseanna lató an chlub | 25,000 |
| Ús ar infheistíochtaí | 1,200 | Ceannacháin bheáir | 24,000 |
| Díolacháin bheáir | 46,000 | Speansais ghinearálta | 26,200 |
| Fáltais lató an chlub | 42,000 | Árachas | 4,800 |
| Síntiúis | 64,200 | Ceannach trealaimh | 4,000 |
| Urraíocht bhliantúil | 18,000 | Iarmhéid airgid 31/12/2021 | 90,600 |
| | 174,600 | | 174,600 |

Thug an cisteoir an t-eolas seo freisin mar a bhí ar **31/12/2021**:

(i) Stoc beáir €6,400.

(ii) Creidiúnaithe beáir €3,100.

(iii) Árachas réamhíoctha €1,200.

(iv) Síntiúis réamhíoctha €3,600.

(v) An teach bád le dímheas de réir 2% den chostas.

(vi) Tá dímheas de 20% le déanamh ar threalamh a bhí ann ar 31/12/2021.

**Iarrtar ort**:

**(b)** **Cuntas trádála beáir** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2021. (8)

**(c)** **Cuntas ioncaim agus caiteachais** an chlub a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2021. (34)

**(d)** **Clár comhardaithe** an chlub a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2021. (30)

**(e)** An difríocht a mhíniú idir an t-iarmhéid sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus an t-iarmhéid deiridh sa chuntas fáltas agus íocaíochtaí. (8)

**(100 marc)**

| ROINN 3 (80 Marc) |
|---|
| Freagair **CEIST AMHÁIN** ar bith |

**8. Costáil imeallach**

Déanann Innealra Teo. táirge amháin. Seo a leanas an buiséad bliantúil atá molta don bhliain seo chugainn.

| | € | € |
|---|---|---|
| Díolacháin (40,000 aonad) | | 800,000 |
| Costais Athraitheacha | 360,000 | |
| Costas Seasta | 209,000 | 569,000 |
| Glanbhrabús | | 231,000 |

**Iarrtar ort**

**(a)** An praghas díolacháin **in aghaidh an aonaid** a ríomh.

**(b)** An costas athraitheach **in aghaidh an aonaid** a ríomh.

**(c)** An **cion tairbhe** in aghaidh gach aonaid a dhíoltar a ríomh.

**(d)** An pointe **cóimheá** i méid (aonaid) **agus** i luach na ndíolachán (€) a ríomh.

**(e)** An **Lamháil Sábháilteachta** i méid (aonaid) **agus** i luach na ndíolachán (€) a ríomh, más é **40,000** aonad líon na ndíolachán buiséadaithe don tréimhse.

**(f)** **Ráiteas Costála Imeallaí** a ullmhú a bhfuil siad seo a leanas san áireamh ann:

- Ardú 20% ar mhéid na ndíolachán
- An praghas díola a laghdú €1 in aghaidh an aonaid
- Fanann gach costas eile mar atá.

**(g)** Mínigh an téarma "Costas Athraitheach" i ndáil le hInnealra Teo.
Tabhair **dhá** shampla de "chostas athraitheach" a d'fhéadfadh Innealra Teo é a thabhú.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú Airgid**

Bhí na sócmhainní, na dliteanais agus an caipiteal thíos ag Siobhán Nic Gabhann ar 01/06/2022:

| **Sócmhainní** | **€** |
|---|---|
| Sócmhainní Seasta | 280,000 |
| Stoc | 40,000 |
| Airgead | 38,000 |
| Féichiúnaithe | 92,800 |
| | 450,800 |

| **Dliteanais** | **€** |
|---|---|
| Creidiúnaithe | 70,800 |
| Caipiteal | 380,000 |
| | 450,800 |

Seo a leanas na díolacháin agus na ceannacháin a bhfuil súil leo sna 5 mhí seo chugainn:

| | **Meitheamh** | **Iúil** | **Lúnasa** | **Meán Fómhair** | **Deireadh Fómhair** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Díolacháin** | €68,000 | €65,000 | €88,000 | €85,000 | €83,000 | €389,000 |
| **Ceannacháin** | €34,000 | €46,000 | €52,000 | €44,000 | €51,200 | €227,200 |

- Ar cairde atá na díolacháin go léir, agus íoctar astu aon mhí amháin tar éis díola.
- Ar cairde atá na ceannacháin go léir, agus íoctar astu aon mhí amháin tar éis na míosa inar ceannaíodh iad, **ach amháin** €30,000 ar airgead síos i mí Lúnasa.
- Tá an t-áitreabh ar cíos ag Siobhán ar €60,000 **sa bhliain**, iníoctha go míosúil**.**
- Ceannófar trealamh i mí Iúil ar €8,000 in airgead síos.
- Beidh €18,000 le híoc in aghaidh na míosa ar phá.
- Táthar ag súil le stoc ar deireadh €38,200 ar 31/10/2022.
- Táthar ag súil le glanbhrabús de €45,000 do na cúig mhí.

**Iarrtar ort:**

**(a)** **Buiséad airgid** a ullmhú a thaispeánann na fáltais agus na híocaíochtaí míosúla a bhfuil súil ag Siobhán Nic Gabhann leo sna cúig mhí Meitheamh go Deireadh Fómhair 2022, chomh maith le colún na n-iomlán don tréimhse sin.

**(b)** Clár comhardaithe **buiséadaithe** a ullmhú mar a bheidh ar 31/10/2022.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste do Nic Gabhann as buiséad airgid a ullmhú.

**(80 marc)**